C/2024/5961

3.10.2024

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Meán Fómhair 2024

lena gceaptar Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Uachtarán Bhoird Achomhairc Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

(C/2024/5961)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh [1], agus go háirithe Airteagal 158(6) agus Airteagal 166(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Meitheamh 2024, chuir Bord Bainistíochta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) liosta iarrthóirí don phost mar Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO faoi bhráid na Comhairle.

(2) An 4 Meitheamh 2024, chuir Bord Bainistíochta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) liosta iarrthóirí do phost an Uachtaráin ar Bhord Achomhairc EUIPO faoi bhráid na Comhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, ceaptar Edyta Barbara DEMBY-SIWEK, ina Leas-Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar EUIPO ar feadh téarma 5 bliana.

2. Is é Bord Bainistíochta EUIPO a shocróidh an dáta a chuirfear tús leis an téarma 5 bliana dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2

1. Leis seo, ceaptar Sven STÜRMANN ina Uachtarán ar Bhoird Achomhairc EUIPO ar feadh téarma 5 bliana.

2. Is é Bord Bainistíochta EUIPO a shocróidh an dáta a chuirfear tús leis an téarma 5 bliana dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

LÓGA M.

[1] IO L 154, 16.6.2017, lch. 1.